

## Do Dhearbhú Cuardaitheora Poist Ócáidigh/Pháirtaimseartha a Sheoladh ar Aghaidh ar Líne

Is féidir leat do Dhearbhú Cuardaitheora Poist Ócáidigh/Pháirtaimseartha a sheoladh ar aghaidh ar líne anois ag MyWelfare.

- Má tá Liúntas Cuardaitheora Poist Ócáideach/Páirtaimseartha á fháil agat, bíonn an tseirbhís seo ar fáil gach seachtain ó

**Dé Máirt ag 8am go dtí Dé hAoine ag 4pm.**

- Má tá Sochar Cuardaitheora Poist Ócáideach/Páirtaimseartha á fháil agat, bíonn an tseirbhís seo ar fáil gach seachtain ó

**Dé Céadaoin ag 8am go dtí Dé hAoine ag 4pm.**

Má sheolann tú dearbhú ar aghaidh i ndiaidh an ama seo, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do d'íocaíocht.

### Tosú

- Téigh go dtí [www.mywelfare.ie](http://www.mywelfare.ie) agus sínigh isteach trí do chuntas MyGovID a úsáid. Is féidir leat an tseirbhís seo a úsáid le cuntas bunúsach agus deimhnithe MyGovID.

Mura bhfuil cuntas agat, is féidir leat 'cruthaigh cuntas' a chliceáil agus na céimeanna ar an scáileán a leanúint chun ceann a shocrú.

- Má tá **cuntas deimhnithe MyGovID** agat, is féidir leat **Déan Dearbhú** a roghnú ó do dheais chustaiméara. Seolfaimid **fógra** chugat gach seachtain ar an lá atá tú ceaptha do Dhearbhú a sheoladh.

nó

- Mura bhfuil cuntas deimhnithe agat, is féidir leat síniú isteach le do **chuntas bunúsach MyGovID** agus dul go dtí **Íocaíochtaí do Dhaoine nach bhfuil Obair acu** ar leathanach baile MyWelfare.

Roghnaigh **Déan Dearbhú** ar an gcárta **Dearbhaithe Cuardaitheora Poist**.

### Conas do dhearbhu a sheoladh ar aghaidh

- Má tá úsáid á baint agat as cuntas bunúsach MyGovID, iarrfar ort roinnt eolas breise a iontráil chun d'aitheantas a dheimhniú: beidh ort d'Ainm, Dáta breithe, Sloinne Breithe do Mháthar agus do UPSP a iontráil.

• na dhiaidh sin, iontráil ainm d'fhostóra (má tá breis agus fostóir amháin agat, roghnaigh 'iontráil fostóir eile') agus lean ar aghaidh lena roghnú cibé acu ar **oibrigh tú, nár oibrigh tú** nó má fuair tú aon **Phá Saoire** do gach lá den tseachtain.

- Má d'oibrigh tú seal agus chríochnaigh tú an obair i ndiaidh meán oíche, roghnaigh **D'oibrigh mé** ar an lá inar oibrigh tú an chuid is mó uaireanta an chloig sa seal sin, (e.g. má d'oibrigh tú ón gCéadaoin ag 10pm go Déardaoin ag 8am, roghnaigh Déardaoin mar lá oibre)

# MyWelfare

- Má oibríonn tú seal 12 uair an chloig nó níos faide, caithfidh tú an t-am tosaigh agus críochnaithe a iontráil don lá sin, (e.g. má d'oibrigh tú ón gCéadaoin ag 8pm go Déardaoin ag 8am, roghnaigh Déardaoin mar lá oibre agus iontráil na hamanna mar 20:00 go 08:00)
- Fiafrófar ansin díot ar tháinig athrú ar do chúinsí ó rinne tú do dhearbhú deireanach. Má tháinig, iarrfar ort sonraí a sholáthar faoin athrú a tháinig ar do chúinsí, cosúil le hathrú fostóra.
- Chun an dearbhú a chríochnú, caithfidh tú tic a chur sa bhosca a thugann le fios “Léigh mé agus aontaím leis an ráiteas thuas”. Clliceálfaidh tú cnaipe ansin chun do Dhearbhú a sheoladh ar aghaidh, agus tá sé déanta agat!

Nuair a bhíonn na céimeanna seo críochnaithe agat, feicfidh tú teachtaireacht **Go raibh maith agat** ar an scáileán a chuireann ar an eolas thú gur éirigh leat do dheimhniúchán a sheoladh ar aghaidh.

Má tá cuntas [deimhnithe MyGovId](#) á úsáid agat, gheobhaidh tú fógra ar do phróifíl MyWelfare freisin.

A luaithe a d'éirigh leat do chéad dearbhú a sheoladh ar aghaidh ar líne, stopfar le duillíní páipéir a sheoladh chugat sa phost.

Ní bheidh ort stampa a fháil ó d'fhostóir freisin má sheolann tú do dhearbhú ar aghaidh ar líne. Má theastaíonn aon eolas breise uainn, déanfaimid teagmháil leat nó le d'fhostóir.